Grúpaí Oirfide

RTÉ

I 2006, chuir Grúpaí Oirfide RTÉ 250 imeacht beo i láthair ar fud na tíre.

Grúpaí Oirfide RTÉ Tá Grúpaí Oirfide RTÉ ar cheann de shé Rannán Gnó Lánpháirtithe de chuid RTÉ, atá freagrach as trí ensemble ceoil gairmiúla: Ceolfhoireann Shiansach Náisiúnta RTÉ, Ceolfhoireann Choirme RTÉ agus Ceathairéad Téadach Vanbrugh RTÉ; agus cóir amaitéireacha: Cór Fiolarmónach RTÉ agus Cór na nÓg RTÉ. Léirithe beo, craoladh agus taifeadadh do sprioc lucht éisteachta éagsúla príomhghníomhaíocht na ngrúpaí. Bíonn formhór na léirithe ar siúl i mBaile Átha Cliath cé go mbíonn na grúpaí ag dul i mbun níos mó agus níos mó ceolchoirmeacha in ionaid réigiúnacha ar fud na hÉireann. I 2006, mar shampla, as na 250 imeacht beo a chuir Grúpaí Oirfide RTÉ i láthair, bhí 24% díobh sin lasmuigh den phríomhchathair.

Tá **Ceolfhoireann Shiansach Náisiúnta RTÉ** comhdhéanta de 89 ceoltóir clasaiceach agus bíonn ról lárnach acu i gceol clasaiceach in Éirinn, trí léiriú beo, trí chraoladh agus trí chamchuairteanna réigiúnacha. Éiríonn le líon mór daoine an cheolfhoireann a chloisteáil trí chraoltaí seachtainiúla ar RTÉ lyric fm agus tríd an mbaint atá ag an gceolfhoireann le hAontas Craolacháin na hEorpa (EBU). I dteannta a shéasúr síntiúis bliantúil, sraith cheoil chomhaimseartha *Horizons*, camchuairteanna náisiúnta, ceolchoirmeacha oideachais, cónaitheachtaí pobail agus an tsraith ceolchoirmeacha samhraidh, leanann an cheolfhoireann ag baint cáil idirnáisiúnta amach trína taifid le Naxos, Marco Polo agus ar lipéad RTÉ.

Grúpaí Oirfide RTÉ

Is ceolfhoireann níos lú de 45 ceoltóir atá i **gCeolfhoireann Choirme RTÉ**. Cé go mbíonn ceol clasaiceach den 18ú, 19ú agus den 20ú aois, á léiriú ag an gCeolfhoireann freisin, bítear ag cur cláir shiamsaíochta i láthair freisin. Ceolchoirmeacha le Bannaí Móra agus ceolchoirmeacha snagcheoil, ceol ó dhrámaí ceoil Broadway agus an an West-End, ceolchoirmeacha pop ionstraimithe, ceolchoirmeacha don teaghlach agus ceol scannáin. Bíonn an cheolfhoireann i mbun léirithe do dhá shéasúr Opera in Éirinn gach bliain, bítear an-ghníomhach mar go mbítear ar cíos tráchtála, déanann siad roinnt taifeadadh fógraíochta agus bíonn clár oideachais gníomhach acu tríd an tsraith de chuid RTÉ/ The Irish Times *Music in the Classroom*. Bíonn an cheolfhoireann i mbun léirithe ar fud na hÉireann. Áirítear ar na healaíontóirí lena raibh an cheolfhoireann i mbun léirithe leo le blianta beaga anuas bhí Placido Domingo, José Carreras, Luciano Pavarotti agus Kiri Te Kanawa.

Ceaptha mar Cheathairéad Chónaithe RTÉ sa bhliain 1986, bíonn **Ceathairéad Téadach Vanbrugh RTÉ** i mbun léirithe do lucht éisteachta ar fud na tíre. Tá comhaltaí an cheathairéid mar Ealaíontóirí Cónaithe ag Coláiste na hOllscoile, Corcaigh freisin agus mar chomhbhunaitheoirí d'Fhéile Cheol Aireagail Iarthar Chorcaí agus tá cáil dhomhanda bainte amach ag an bhféile sin. Tá slí bheatha idirnáisiúnta ag an gceathairéad freisin ar fud na hEorpa agus na Stát Aontaithe.

Tá **Cór Fiolarmónach RTÉ** comhdhéanta de thart ar 150 ceoltóir amaitéaracha deonacha a dhéantar a oiliúint chun dul i mbun léirithe le Ceolfhoireann Shiansach Náisiúnta RTÉ den chuid is mó.

Is cór amaitéarach do leanaí é **Cór na nÓg RTÉ** ina bhfuil thart ar 65 leanbh idir 9 agus 14 bliain d'aois. Cuireann an cór oiliúint cheoil den scoth mar aon le sceideal léirithe dian ar fáil dá chomhaltaí, agus bíonn imeachtaí beo agus craoltaí rialta ar an teilifís agus ar an raidió le comhlíonadh acu.

Bíonn páirt ríthábhachtach ag Grúpaí Oirfide RTÉ i gceol nua sa tír, trí choimisiúnú, léiriú agus taifeadadh fógraíochta de shaothar chumadóirí as Éirinn agus de chumadóirí idirnáisiúnta. Cuireann an rannán dhá fhéile a bhfuil ag éirí go maith leo chun cinn freisin. Ó bunaíodh an *RTÉ Living Music Festival* sa bhliain 2002, féile a bhíonn ar siúl thar dheireadh seachtaine i mí Feabhra, is príomhimeacht anois í i bhféilire ceoil nua in Éirinn. Seachtain de cheolchoirmeacha saor in aisce a bhíodh in *RTÉ Summer Proms* a bhíodh ar siúl ar feadh roinnt blianta agus bhí an-tóir ag an bpobal orthu. Bhí an-éileamh ar na 10,000 ticeád a bhí ar fáil.